

Pleananna Teagaisc & Foghlama Iolrú Codán

Siollabas an Teastais Shóisearaigh



Foireann Forbartha

Seo struchtúr na bPleananna Teagaisc & Foghlama:



Aidhmeanna: Na nithe ba mhaith leat a bhaint amach sa cheacht, nó sa tsraith cheachtanna.

Réamheolas: Eolas ábhartha a bheadh ag na daltaí cheana féin, agus eolas a theastóidh uathu don topaic nua seo.

Torthaí Foghlama: Na nithe a bheidh na daltaí in ann a dhéanamh, rudaí a bheidh ar eolas acu agus rudaí a thuigfidh siad nuair a bheidh an topaic déanta.

An Gaol leis an Siollabas: Tagairt don mhír ábhartha i siollabas an Teastais Shóisearaigh agus/nó i Siollabas na hArdteistiméireachta.

Acmhainní Riachtanacha: Liosta acmhainní a theastaíonn don teagasc agus don fhoghlaim.

An Topaic a chur i Láthair (níl sé sna pleananna uile) Cur chuige agus topaic á tosú.

Idirghníomhú sa Cheacht Leagtha amach faoi cheithre fho-cheannteideal:

- i. **Tascanna Foghlama na nDaltaí – Ionchur an Mhúinteora:** Na nithe a dhéanann an múinteoir. Sonraí faoi phríomhthascanna na ndaltaí, agus faoi cheisteanna a chuireann an múinteoir leis an gceacht a bhogadh ar aghaidh
- ii **Gníomhú na nDaltaí – Freagraí agus/nó Míthuiscintí Coitianta:** An saghas freagra a d'fhéadfadh dalta a thabhairt, mar aon le míthuiscintí coitianta.
- iii **Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora:** Na nithe a dhéanann an múinteoir chun cuidiú le foghlaim na ndaltaí. Dearadh an chuid seo chun tacaíocht agus struchtúr a thabhairt d'fhoghlaim na ndaltaí.
- iv **Seiceáil Tuisceana:** Moltaí faoi cheisteanna a chuireann an múinteoir, féachaint an bhfuil spriocanna/torthaí foghlama á mbaint amach. Úsáidfear an measúnú sin nuair a bheidh gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama á bpleanáil do na ranganna ina dhiaidh sin.

Gníomhaíochtaí Daltaí I ndeireadh gach plean tá gníomhaíochtaí daltaí a bhaineann leis an gceacht.

Pleananna Teagaisc & Foghlama Iolrú Codán

Aidhmeanna


- A chinntiú go mbeidh tuiscint chruinn ag na daltaí ar iolrú na gcodán
- Na daltaí a chur ag smaoineamh ar an gcaoi a n-úsáidtear codáin sa saol laethúil
- Na daltaí a chur ag plé le gníomhaíochtaí a fheabhsóidh a dtuiscint ar algartam an iolrúcháin.

Réamheolas

Bheifí ag súil go mbeadh réamheolas ag na daltaí ar na téarmaí agus ar na coincheapa a ghabhann le codáin, as a dtaithí ar churaclam na bunscoile. Seans áfach gur ghá dul siar ar an topaic lena chinntiú go bhfuil na bunfhírí ar eolas ag gach dalta. Bíonn “míthuiscintí” ar dhaltaí uaireanta, ag éirí as a bheith ag tuairimíocht agus as a dtaithí phearsanta. Ba cheart go mbeadh daltaí ar an eolas maidir le:

- codáin a chur in ord
- codáin choibhéiseacha
- codáin a shuimiú agus a dhealú – le stiallacha codán, ciorcail chodán agus siombailí
- slánuimhreacha a iolrú: “grúpaí de”
- balla codán (Aguisín 1)

Breathnaigh “Forléargas ar Theagasc agus ar Fhoghlaim na gCodán” thíos.



Torthaí Foghlama

Tar éis dóibh staidéar a dhéanamh ar an topaic seo, beidh na daltaí in ann

- slánuimhir a iolrú faoi chodán, agus céimeanna na hoibre a thuiscint
- codán a iolrú faoi shlánuimhir, agus céimeanna na hoibre a thuiscint
- codán a iolrú faoi chodán, agus céimeanna na hoibre a thuiscint
- úsáid a bhaint as an algartam chun uimhreoírí agus ainmneoirí a iolrú faoina chéile, agus samhail a dhéanamh dá bhfuil ag tarlú
- a aithint nach mbíonn an toradh níos mó i gcónaí nuair a dhéantar iolrú

Ag Freastal ar Fhoghlaimeoirí Éagsúla

Bíonn an tábhacht chéanna le riachtanais na ndaltaí uile sa rang, is cuma cén leibhéal cumais atá acu. Thig le múinteoirí freastal ar chumais dhifriúla sa rang ina gcuid teagaisc laethúil ach gníomhaíochtaí agus tascanna atá grádaithe ar leibhéil dhifriúla deacrachta a thabhairt do na daltaí, ionas go mbeidh na daltaí uile ag obair ar cheachtanna a oireann dá ndul chun cinn féin san fhoghlaim. Gníomhaíochtaí atá leagtha amach go soiléir is sásúla i gcás daltaí áirithe, cé go mbeadh daltaí eile in ann ag gníomhaíochtaí sách casta agus dúshlánach. Má dhéantar gníomhaíochtaí a roghnú agus a dháileadh a oireann do chumas na ndaltaí, is mó seans go gcothófar a spéis san fhoghlaim agus go gcuirfear lena gcuid foghlama.

B'fhéidir sa phlean T&F seo, go mbeadh léaráid le tarraingt, rud éigin le míniú i bhfocail, nó abairt le scríobh faoin iolrú, nó b'fhéidir go mbeadh ar dhaltaí úsáid a bhaint as an algartam. Féadfaidh múinteoirí méideanna éagsúla tacaíochta, agus saghsanna difriúla tacaíochta, a thabhairt do na daltaí sa rang.

Agus iad ag idirghníomhú leis an rang iomlán, féadfaidh múinteoirí leas a bhaint as ceistiú cuimsitheach éifeachtach. Is iomaí leibhéal ceisteanna atá ann, agus is furasta imeacht ón mbuncheistiú i dtreo ceisteanna ar ord níos airde. Sa Phlean T&F seo, b'fhéidir go mbeadh ceist dá leithéid seo le freagairt ag cuid de na daltaí: 'Oibríonn Aoife ar feadh ceithre (4) uair an chloig gach Satharn le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Tuilleann sí €12 san uair. Cén méid airgid a thuilleann sí gach Satharn?' Ceist níos dúshlánaí a chuirfí ar dhaltaí eile: 'An mbeifeá in ann a mhíniú, i bhfocail, mar a oibríonn algartam an iolrúcháin?' Nó, d'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí ceist a cheapadh, féachaint an mbeidís féin in ann smaoineamh ar cheist éigin seachas an cheist a cuireadh orthu.

Féadfaidh múinteoirí ina gcuid teagaisc leas a bhaint as straitéisí grúpála difriúla seachas an rang uile a mhúineadh le chéile – obair i ngrúpaí agus obair i mbeirteanna mar shampla – le go mbeidh daltaí ag comhoibriú lena chéile. Cuidíonn a leithéid le daltaí a dtuiscint ar an matamaitic a léiriú i bhfocail, rud a chuireann le féinmhúinín na ndaltaí agus lena dtuiscint ar an matamaitic. Sa Phlean T&F seo, mar shampla, beifear ag iarraidh ar dhaltaí oibriú ina mbeirteanna agus ceist a chumadh ina bhfuil an uimhirlíne in úsáid don iolrú, réiteach a oibriú amach agus a gceist féin a mhalartú le beirt eile. D'fhéadfaí iarraidh orthu na freagraí a chur i gcomparáid ansin.

Gaol le Siollabas an Teastais Shóisearaigh









Uimhir na Topaice	Cur síos ar an topaic <i>Foghlaimíonn daltaí faoi</i>	Torthaí foghlama <i>Ba cheart go mbeadh daltaí in ann</i>
<p>3.1 Uimhíochais</p> <p>Q: Tacar na n-uimhreacha cóimheasta</p>	<p>Na hoibríochtaí dénártha: suimiú, dealú, iolrú agus roinnt agus an gaol idir na hoibríochtaí sin, maidir leis na slánuimhreacha ar dtús. Iniúchann siad cuid de na dlíthe a rialaíonn na hoibríochtaí sin, agus úsáideann siad samhlacha matamaiticiúla a thacóidh le halgartaim a bheadh in úsáid go coitianta acu féin. Casfar na hoibríochtaí sin orthu arís ar ball i gcomhthéacs na n uimhreacha cóimheasta agus éagóimheasta (R/Q). Gheobhaidh siad tuiscint níos soiléire ar na smaointe ansin; beidh deis dul siar acu agus daingneofar a gcuid smaointe.</p> <p>Foghlaimíonn daltaí straitéisí áirimh a fheileann d'uimhreacha i gcoitinne, mar aon le ginearáluithe intuigthe faoi ghaolmhaireachtaí uimhríochtúla leis na hoibríochtaí atá in úsáid. Féadfaidh daltaí labhairt faoin nginearálú ar a bhfuil straitéis bunaithe, le gnáthchaint ar dtús, agus le teanga shiombalach ina dhiaidh sin.</p> <p>Cuirtear fadhbanna i gcomhthéacs, úsáidtear léaráidí le fadhbanna a réiteach ionas go n-aithneoidh daltaí an gaol idir coincheapa matamaiticiúla agus an saol. Úsáidtear algartaim le fadhbanna a réiteach ina bhfuil cainníochtaí codánacha.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • samhlacha a iniúchadh le bheith ag smaoineamh ar oibríochtaí - suimiú, dealú, iolrú agus roinnt i gcás uimhreacha cóimheasta • anailís a dhéanamh ar straitéisí le fadhbanna a réiteach

Acmhainní a Theastaíonn


Stiallacha codán, ciorcail chodán, cruacha codán (roghnach), uimhirlínte, samhail achair agus balla codán (Aguisín 1).

Idirghníomhú sa Cheacht



Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/ Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Triailfimid slánuimhir a iolrú faoi chodán.</p> <p>» Iolróimid faoi shlánuimhir ar dtús, féachaint céard a tharlaíonn san oibríocht sin.</p> <p>» Tá Laoise ag iarraidh ceithre bharrá seacláide an duine a thabhairt do thriúr dá cairde.</p> <p>» Cén chaoi a n-oibríonn tú amach cé mhéad barra seacláide a theastaíonn?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • 3×4 bharrá = 12 bharrá 	<p>» "Suimiú arís is arís eile, sin iolrú." Abair go soiléir leis an rang é. Leag béim air.</p>	<p>» An bhfuil na daltaí in ann samplaí a thabhairt a léiríonn go dtuigeann siad go gciallaíonn "$a \times b$" "a grúpa de b"?</p>
<p>» An bhfuil tú/sibh in ann léaráid a tharraingt leis an scéal a léiriú? (lonsamhlú a thugaimid ar a leithéid.)</p> <p>» Anois, an bhfuil tú/sibh in ann cur síos a bhfuil sa léaráid?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • B'fhéidir go dtarraingeodh na daltaí  • Tarraingíonn na daltaí an léaráid seo anois:  • Teastaíonn 3 ghrúpa ó Laoise agus 4 bharrá seacláide i ngach grúpa le go mbeidh go leor aici dá cairde. 	<p>» Más é seo a dhéanann siad, i.e. </p> <p>Iarr orthu smaoineamh ar na barraí a chur i mála ar leith do gach cara ar leith, agus léaráid a tharraingt ansin.</p> <p>» Tarraing an léaráid seo ar an gclár "3 ghrúpa de 4 bharrá" </p>	

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
» Cad a chiallaíonn an nodaireacht 3 x 4?	<ul style="list-style-type: none"> • Ciallaíonn sé 4 + 4 + 4. • Ciallaíonn sé 4 faoi 3. 		
<p>» Triailfimid slánuimhir a iolrú faoi chodán anois.</p> <p>» Tá Barra tar éis ceathrar dá chairde a iarraidh abhaile le haghaidh píotsa. Tá sé le dhá thrian ($\frac{2}{3}$) de phíotsa an duine a thabhairt dóibh.</p> <p>» Bhfuil an cheist sin cosúil leis an gceist eile?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $\frac{2}{3} + \frac{2}{3} + \frac{2}{3} + \frac{2}{3}$ nó • $4 \times \frac{2}{3}$ nó • 4 ghrúpa de $\frac{2}{3}$ 		
» An mbeadh sibh in ann ciorcail chodán a úsáid leis an scéal seo a léiriú?	<ul style="list-style-type: none"> •  	<p>» Abair leis na daltaí arís go bhfanann méid gach grúpa mar a bhí.</p> <p>» Tarraing pictúr de na píotsaí ar an gclár, agus scríobh:</p> <p>» "4 ghrúpa de $\frac{2}{3}$"</p> 	


Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<ul style="list-style-type: none"> » Anois, an bhfuil tú in ann labhairt faoin léaráid sin? » Má tá 4 ghrúpa agat agus $\frac{2}{3}$ (dhá thrian) i ngach grúpa, cé mhéad trian atá agat? 	<ul style="list-style-type: none"> • 4 ghrúpa de $\frac{2}{3}$ • $\frac{2}{3}$ (ocht dtrian - tá 3 shlí ag na daltaí leis an bhfreagra sin a fháil: léaráid a tharraingt, suimiú nó iolrú) 	<ul style="list-style-type: none"> » Tabhair beagán ama do na daltaí le léaráid a tharraingt, suimiú, nó iolrú leis an bhfreagra a fháil. » Siúil timpeall agus seiceáil dul chun cinn na ndaltaí. 	<ul style="list-style-type: none"> » An bhfuil daltaí ag comhaireamh leis na ciorcail chodán, nó an bhfuil siad ag suimiú $\frac{2}{3} + \frac{2}{3} + \frac{2}{3} + \frac{2}{3}$ nó ag iolrú $\frac{2}{3}$ faoi 4? » An bhfuil na daltaí ag brath ar na léaráidí nó an bhfuil siad ag teacht suas le halgartam?
		<ul style="list-style-type: none"> » Roghnaigh triúr dalta a fuair an freagra $\frac{2}{3}$ 1. daltaí a rinne na codanna scáthaithe sa phictiúr a chomhaireamh, nó 2. a rinne suimiú, nó 3. a rinne iolrú. » "Ar mhiste libh bhur gcuid freagraí a chur i lathair an ranga, le bhur dtoil?" 	
<ul style="list-style-type: none"> » Cé mhéad píotsa a theastódh ó Bharra dá chuid cairde, an dóigh leat? 	<ul style="list-style-type: none"> • $2\frac{2}{3}$ "dhá phíotsa agus dhá thrian"). 	<ul style="list-style-type: none"> » Tabhair beagán ama do na daltaí le léaráid a tharraingt, suimiú, nó iolrú leis an bhfreagra a fháil. » Siúil timpeall. » Roghnaigh triúr dalta a fuair an freagra $2\frac{2}{3}$ 1. nuair a chomhairigh siad na codanna scáthaithe sa phictiúr, 2. leis an suimiú, nó 3. leis an iolrú. 	

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Maith go leor. Tá "4 ghrúpa de $\frac{2}{3}$" scríofa mar abairt iolrúcháin agat.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Seans go dtarraingeoidh duine de na daltaí an léaráid thíos ar an gclár:  $= 2 \frac{2}{3}$ Seans gur suimiú a bheidh déanta ag dalta eile: $\frac{2}{3} + \frac{2}{3} + \frac{2}{3} + \frac{2}{3}$ le $\frac{8}{3} = 2 \frac{2}{3}$ a fháil. Seans go mbainfidh an tríú dalta leas as abairt iolrúcháin: $4 \times \frac{2}{3} = \frac{8}{3} = 2 \frac{2}{3}$ 		
<p>» Anois, déan póstaer de shampla eile cosúil leis an gceann seo, ina mbeidh focail, léaráid, abairtí iolrúcháin agus scéilín as an saol.</p>			<p>» Ar mhiste le gach beirt smaoineamh ar shamplaí eile, mórán mar a rinne muid leis an gceann seo?</p>
<p>» Ar mhaith le héinne teacht aníos anseo, os comhair an ranga, agus do phóstaer a mhíniú don rang? Luaigh:</p> <ol style="list-style-type: none"> focail léaráid abairtí iolrúcháin: scéal éigin as an saol. 	<ul style="list-style-type: none"> Cuireann daltaí a gcuid póstaer i láthair an ranga. 	<p>» Tabhair deis don rang iad a phlé agus rud éigin a rá fúthu -- má cheapann siad go bhfuil sampla go maith, nó má cheapann siad nach bhfuil sé sách soiléir.</p>	<p>» An raibh moltaí éagsúla eile ag na daltaí seachas ciorcail (e.g. cisté, toirtíní úll, etc)?</p>

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Abair gur iarr mé ort $2/3$ a iolrú faoi 4. An mbeifeá in ann smaoineamh ar fhreagra mícheart?</p> <p>Nótáil: Más rud éigin ar nós $1/2$ a thugtar mar fhreagra mícheart, tabhair deis don rang é a phlé.</p> <p>» Cén fáth a bhfuil sé seo mícheart?</p>	<p>(Freagra mícheart amháin, b'fhéidir)</p> <ul style="list-style-type: none"> • $2/3 \times 4 = 8/12$ • $1/2 = 6/12$ agus má rinne muid $2/3$ a iolrú faoi 4 agus má fuair muid $8/12$, is léir nach é $1/2$ an freagra ceart ar $2/3 \times 4$. • Shuimigh muid $2/3$ ceithre huaire. Trianta atá ann i gcónaí mar sin, ach tá lion na dtrianta tar éis athrú. 	<p>» Tabhair deis machnaimh do na daltaí.</p> <p>» Glac leis na freagraí uile agus scríobh ar an gclár iad.</p> <p>» Tabhair deis do na daltaí plé a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil cuid de na freagraí mícheart.</p>	<p>» An aithníonn na daltaí an fáth a bhfuil $4 \times 2/3 = 8/3$ seachas le $1/2$? Míthuiscint choitianta!</p> <p>» Ba chóir do na daltaí a thuilleadh samplaí den chineál sin a chur i láthair, agus labhairt faoin bhfáth a bhfuil an freagra mar ba chóir dó a bheith.</p>
<p>» Bunaithe ar a bhfuil déanta, scríobh ceist don té atá in aice leat, agus oibrigh amach an freagra. Ansin smaoinigh ar fhreagra mícheart, agus bí cinnte go mbeidh tú in ann a mhíniú do do pháirtí cén fáth a bhfuil sé mícheart.</p> <p>» Déanaigí na ceisteanna a mhalartú anois. Malartaigh do cheist le do pháirtí.</p> <p>» Míní na freagraí dá chéile.</p> <p>» Ar mhiste le gach beirt seiceáil, féachaint an bhfuair sibh na freagraí céanna?.</p> <p>» An bhfuil tú in ann a mhíniú an fáth a bhfuil an 'freagra mícheart' mícheart?</p>	<p>» Féachann daltaí le ceist a cheapadh agus a réiteach. Smoainíonn siad ar fhreagra mícheart ansin, agus tugann siad an cheist don dalta taobh leo.</p> <p>» Seiceálann na daltaí, féachaint an bhfuair siad an freagra ceart.</p>	<p>» Siúil timpeall. Bí cinnte go dtuigeann gach dalta céard atá le déanamh.</p>	

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/ Míthuisicintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Triail an cheist seo: Caitheann Siobhán $\frac{3}{4}$ uair an chloig ag staidéar gach oíche ar feadh 5 oíche. Cén méid staidéir a dhéanann sí ar fad? Teastaíonn focail, léaráid agus abairt iolrúcháin.</p>		<p>» Tabhair deis machnaimh do na daltaí</p> <p>» Siúil timpeall.</p> <p>» Seiceáil a bhfuil déanta ag na daltaí, agus iarr ar thriúr teacht suas go dtí an clár agus a gcuid oibre a chur i láthair an ranga.</p> <p>» Tugadh dalta amháin cur síos ar an scéal i bhfocail, léiríodh an dara dalta é le léaráid, agus léireoidh an tríú dalta é le habairt iolrúcháin.</p>	
	<ul style="list-style-type: none"> • Focail: 5 ghrúpa de $\frac{3}{4} = \frac{15}{4}$ • Léaráid: <div style="text-align: center;">  </div> $= \frac{3}{4} + \frac{3}{4} + \frac{3}{4} + \frac{3}{4} + \frac{3}{4} = \frac{15}{4}$ (Suimiú leantach) nó <div style="text-align: center;">  </div> $= 3 \frac{3}{4}$ • Abairt iolrúcháin: $5 \times \frac{3}{4} = \frac{15}{4}$ 	<p>» Tabhair deis do na daltaí a gcuid freagraí a chur i láthair an ranga - á rá, léaráid a tharraingt, an réiteach a scríobh. (Cuidíonn na stiallacha codán agus na ciorcail chodán leis na coincheapa a dhaingniú, cé go mbeidh an-chuid daltaí in ann déanamh gan iad.)</p>	


Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<ul style="list-style-type: none"> » Breathnóimid anois ar an algartam d'iolrú na gcodán. Níor scríobh muid slánuimhir cheana mar chodán os cionn 1. » Tá uimhir áirithe ann agus má roinneann tú ar an uimhir sin nó má iolraíonn tú faoin uimhir sin, ní dhéantar aon athrú. Cén uimhir í? » Maith go leor, má tá muid ag iarraidh go bhfanfaidh an t-ainmneoir mar a bhí, cén uimhir a n-iolraíonn muid an t-ainmneoir fúithi? » Cen chaoi a scríobhtar 5 mar chodán? 	<ul style="list-style-type: none"> • 1 • Iolraigh é faoi 1 • $\frac{5}{1}$ 	<ul style="list-style-type: none"> » Iarr ar na daltaí a thuilleadh samplaí a thabhairt, agus scríobh ar an gclár iad, mar shampla: $4 \times 1 = 4$ $7 \times 1 = 7$ » Lorg tuilleadh samplaí. 	
<ul style="list-style-type: none"> » An bhféadfá an fhadhb $5 \times \frac{3}{4}$ a athscríobh agus an 5 a scríobh mar chodán? » (Bheadh an coincheap sin ag na daltaí ón mbunscoil.) 	<ul style="list-style-type: none"> • $\frac{5}{1} \times \frac{3}{4}$ 	<ul style="list-style-type: none"> » Iarr ar na daltaí cúpla sampla eile a thabhairt (seans gurbh fhiú an coincheap seo a aibhsiú). 	
<ul style="list-style-type: none"> » An bhfuil tú in ann a mhíniú do do pháirtí mar a iolraíonn tú $\frac{5}{1} \times \frac{3}{4}$ le halgartam an iolrúcháin? 			
<ul style="list-style-type: none"> » An bhfuil tú in ann a mhíniú i bhfocail, mar a oibríonn algartam an iolrúcháin? <p>Nótáil: Beidh ort 'algartam' a mhíniú do na daltaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Iolraíonn tú na huimhreoírí le chéile, agus roinneann tú an toradh sin ar na hainmneoirí agus iad iolraithe faoi chéile, agus faigheann tú $1\frac{5}{4}$ 	<p>Nótáil: Fan tamall sula dtugann tú an freagra.</p>	<ul style="list-style-type: none"> » Ar thuig na daltaí gurb é atá i gceist le halgartam an iolrúcháin: $a/b \times c/d = (a \times c)/(b \times d)$ » An bhfuil na daltaí in ann a bhfuil foglamtha acu faoi algartam an iolrúcháin a úsáid le ceisteanna eile den chineál céanna? <p>Nótáil: As seo amach déanfar na ceisteanna le focail, le léaráidí, le habairtí iolrúcháin agus le halgartaim.</p>

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/ Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» As Gníomhaíocht Daltaí 1, déan Ceisteanna 1, 2 agus 3.</p>	<p>» Cuireann na daltaí a gcuid oibre i láthair an ranga.</p>	<p>» Dáil Gníomhaíocht Daltaí 1, agus iarr ar na daltaí Ceisteanna 1, 2, agus 3 a dhéanamh.</p> <p>» Siúil timpeall. Seiceáil an dul chun cinn.</p> <p>» Iarr ar dhaltaí eile a gcuid freagraí a chur i láthair an ranga: "Ar mhiste leis an triúr agaibhse bhur gcuid freagraí a chur i lathair an ranga, le bhur dteoil?"</p> <p>» Seiceáil na ceisteanna ar an gclár, agus cuir ceisteanna beaga más gá.</p>	<p>» Bhfuil na daltaí in ann labhairt faoina gcuid freagraí ag an gclár: "An mbeadh sibh in ann bhur gcuid freagraí a mhíniú i bhfocail?"</p>
<p>» Téigh go dtí Gníomhaíocht Daltaí 1, Ceisteanna 4 (i) agus (ii).</p>		<p>» Siúil timpeall, agus seiceáil dul chun cinn na ndaltaí.</p> <p>» Iarr ar dhalta an uimhirlíne a úsáid lena f(h)reagra ar chuid (i) a chur i láthair.</p>	
<p>» Féachfaimis ar Cheist 4 cuid (i).</p> <p>» Cén méid airgid a thuilleann sí?</p>	<p>» Tarraingíonn dalta a leithéid seo ar an gclár: An t am a oibríodh, ina uaireanta an chloig</p>  <p>4 uair an chloig ar €12 san uair</p> <ul style="list-style-type: none"> • (4 ghrúpa de 12) = €48 	<p>» Scríobh ar an gclár (4 uair x €12 = €12 + €12 + €12 + €12)</p>	<p>» An aithníonn na daltaí gur "Suimiú leantach" atá anseo? 4 uair x €12 = €12 + €12 + €12 + €12</p>



Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/ Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
» Céard atá sa léaráid?	<ul style="list-style-type: none"> Seasann an léim ó 0 go dtí an chéad tic d'uair an chloig oibre, agus scríobhfaidh mé 12 ag an tic sin, mar gur thuill sí €12 ar 1 uair an chloig oibre. Seasann an léim ó 1 go dtí an dara tic d'uair an chloig eile oibre, agus scríobhfaidh mé 24 ag an tic sin, léiriú ar an méid a tuilleadh ar dhá uair an chloig oibre. Déanfaidh mé an rud céanna i gcás 3 agus 4, go bhfaighidh mé €48. 		» An bhfuil na daltaí in ann labhairt faoina gcuid léaráidí?
» Cad a fuair tú do na habairtí iolrúcháin i gCeist 4 (ii)?	<ul style="list-style-type: none"> 2 uair x €12 = €24 3 uair x €12 = €36 4 uair x €12 = €48 5 uair x €12 = €60 	» Scríobh na habairtí iolrúcháin ar an gclár: 2 uair x €12 = €24 3 uair x €12 = €36 4 uair x €12 = €48 5 uair x €12 = €60	
<p>» Oibrigí i mbeirteanna anois. Agus déanaigí ceist iolrúcháin ina mbeidh an uimhirlíne in úsáid.</p> <p>» Scríobhaigí amach an réiteach.</p> <p>» Nuair a bheidh an méid sin déanta, tugadh gach beirt a gceist do bheirt eile agus féadfaidh sibh na freagraí/ na réitigh a chur i gcomparáid.</p>			<p>» Oibrigí i mbeirteanna arís. Agus smaoinigí ar cheist iolrúcháin eile ina mbeadh an uimhirlíne in úsáid.</p> <p>» Ar éirigh leis na daltaí samplaí difriúla a thabhairt, samplaí inar luadh nithe eile seachas uaireanta an chloig agus airgead?</p>


Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Féachfaidh muid ar Cheist 4 (iii).</p> <p>» Fanaigí i mbeirteanna, mar a bhí. Mínigh do do pháirtí mar a oibríonn tú amach cé mhéad a thuillfidh Aoife in 2½ uair (in dhá uair a chloig go leith).</p>		<p>» Seiceáil a bhfuil déanta ag na daltaí, agus iarr ar thriúr teacht suas go dtí an clár agus a gcuid oibre a chur i láthair an ranga. léaráid a bheidh le déanamh ag dalta amháin, abair iolrúcháin ag an dara dalta, agus algartam an iolrúcháin ag an tríú dalta.</p>	<p>» Bhfuil na daltaí in ann an freagra a thabhairt i bhfocail?</p>
	<ul style="list-style-type: none"> • Léaráid: Cuir marc ar an uimhirlíne leathbhealach idir 2 agus 3. Cé mhéad atá á léiriú leis an marc sin? $€12 + €12 + €6 = €30$ • Abair iolrúcháin: $2\frac{1}{2}$ grúpa de $€12 = €24 + €6 = €30$ • Algartam: $\frac{5}{2} \times 12 = \frac{5}{2} \times 1\frac{1}{2} = 6\frac{0}{2} = €30$ 	<p>» "Suimiú arís is arís eile, sin iolrú." / "Suimiú leantach, sin iolrú". "Nó lena chur ar bhealach eile, is ionann iolrú agus rud a shuimiú arís is arís eile." Abair go soiléir leis an rang é. Leag béim air.</p> <p>Nótáil: Fiú mura ndéanann na daltaí leaschodán as $2\frac{1}{2}$, fós féin ba cheart go mbeidís in ann é seo a oibriú amach.</p>	<p>» An bhfuil na daltaí in ann $2\frac{1}{2}$ a scríobh mar leaschodán?</p>

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuisicintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Pléimis Gníomhaíocht Daltaí 1, Ceist 4 (iv).</p> <p>» Cé mhéad a thuillfidh Aoife in $\frac{3}{4}$ uair an chloig?</p>		<p>» Tabhair beagán ama do na daltaí an cheist a tharraingt, nó a ríomh. (Seans go mbainfidh daltaí áirithe triail as uimhirlíne a tharraingt agus an t-eatramh ó 0 go 12 a roinnt ina cheathrúna. Aithneoidh siad go dtuillfeann Aoife $\text{€}\frac{1}{4}$ as gach cearthrú uair an chloig, agus go dtuillfeann sí $3 \times \frac{1}{4}$ in $\frac{3}{4}$ uair an chloig. Bainfidh daltaí eile úsáid as algartam.)</p> <p>Nótáil: Ba chóir do na daltaí smaoinemh ar $\frac{3}{4}$ mar thrí ghrúpa d'aon cheathrú, nó trí oiread ceathrú amháin. Faigh $\frac{1}{4}$ ar dtús, agus 3 oiread an mhéid sin ansin.</p> <p>» Beidh cuid de na daltaí in ann é seo a dhéanamh gan an léaráid (an uimhirlíne), ach má fhaigheann siad taithí ar an uimhirlíne a úsáid le ceist éasca beidh sé níos fusa dóibh an uimhirlíne a úsáid le fadhbanna níos casta ar ball.</p>	
<p>» An mbeidh sé níos mó ná, nó níos lú ná, $\text{€}12$?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh sé níos lú ná $\text{€}12$. nó • Tá 1 faoi 12 cothrom le 12, agus ó tá $\frac{3}{4}$ níos lú ná 1, beidh $\frac{3}{4} \times 12$ níos lú ná 12. 		<p>» An dtuigeann na daltaí cén fáth a bhfuil an freagra níos lú ná 1?</p>

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Ionsamhlaigh an cheist seo leis an uimhirlíne, más maith leat.</p> <p>» Scríobh/Scríobhaigí an abairt iolrúcháin, an t-algartam agus an freagra.</p>	<p>Nótáil: Seans go dtarraingeodh daltaí é seo a leanas:</p>  <p>• $\frac{3}{4} \times 12 = \frac{36}{4} = \text{€}9$</p>	<p>» Scríobh ar an gclár: Is é seo an méid airgid a thuill Aoife, ina euro:</p> <p>$\frac{3}{4} \times 12 = \text{€}9$</p> <ul style="list-style-type: none"> • $\frac{3}{4}$ uair $\times \text{€}1\frac{1}{4} = \frac{36}{4} = \text{€}9$ 	
<p>» Ar tháinig méadú ar an €12 leis an iolrú faoi $\frac{3}{4}$?</p> <p>» /An ndearna iolrú faoi $\frac{3}{4}$ an €12 níos mó?</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Níor tháinig./Ní dhearna. Mar gur iolrú faoi níos lú ná 1 a bí ann, d'éirigh an €12 níos lú, laghdaíodh an €12. 	<p>» Scríobh an an gclár: Ní thugann iolrú toradh níos mó i gcónaí.</p>	
<p>» Ceap samplaí eile nuair nach mbíonn toradh níos mó ann leis an iolrú.</p>	<p>» Na daltaí ag labhairt faoi shamplaí eile, á míniú i bhfocail</p>	<p>» Scríobh samplaí na ndaltaí ar an gclár</p>	<p>» Ar tháinig na daltaí suas le moltaí (difriúla) eile?</p>
<p>» Iarr ar dhalta a mhíniú i bhfocail mar a bhfaigheann tú $\frac{3}{4} \times 12$ (trí cheathrú de dó dhéag)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Fuair tú an méid a thuill sí in $\frac{1}{4}$ uair an chloig, nuair a roinn tú 12 ar 4, agus fuair tú €3. Le haghaidh $\frac{3}{4}$ (trí cheathrú) uair an chloig, thuill sí a trí (3) oiread an méid sin, €9. Le hionlú faoi $\frac{3}{4}$, roinneann tú ar 4 agus iolraíonn tú faoi 3. 		<p>» An dtuigeann na daltaí an coincheap sin, gurb é atá i gceist le $\frac{3}{4}$, roinnt ar 4 agus iolrú faoi 3?</p>
<p>» An ndéanann ord na bhfigiúirí aon difríocht don fhreagra?</p> <p>1. $\frac{3}{4} \times 12$ nó</p> <p>2. $12 \times \frac{3}{4}$</p> <p>Bain triail as an dá cheann.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • $\frac{3}{4} \times 12 = 9$ • $12 \times \frac{3}{4} = \frac{36}{4} = 9$ freisin. Ní dhéanann an t-ord aon difríocht. 	<p>» Tabhair deis machnaimh do na daltaí, agus iarr orthu ansin a gcuid freagraí a chur i láthair an ranga i bhfocail. Scríobh ar an gclár:</p> <p>$\frac{3}{4} \times 12 = 9$</p> <p>$12 \times \frac{3}{4} = \frac{36}{4} = 9$</p>	

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/ Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<ul style="list-style-type: none"> » An mbeifeá in ann ciall gach ceiste a mhíniú i bhfocail, i dtéarmaí grúpaí? » Léirigh gach ceist díobh le léaráid. 	<ul style="list-style-type: none"> » $\frac{3}{4}$ d'aon ghrúpa amháin de 12 i gcás amháin. Agus 12 ghrúpa (dhá ghrúpa déag) de $\frac{3}{4}$ sa chás eile. » Lig do na daltaí léaráidí a tharraingt le léiriú gurb ionann $\frac{3}{4}$ grúpa de 12 agus 12 ghrúpa de $\frac{3}{4}$. 		
<ul style="list-style-type: none"> » Anois, déanaigí Gníomhaíocht Daltaí 1, Ceist 5 & Ceist 6. 		<ul style="list-style-type: none"> » Siúil timpeall agus seiceáil an dul chun cinn » Seiceáil na ceisteanna ar an gclár, agus cuir ceisteanna nuair is gá. 	
<ul style="list-style-type: none"> » Breathnaimis anois ar chodán a iolrú faoi chodán. » Ciste dronuilleogach a bhí ag Cara dá lá breithe, agus bhí $\frac{2}{5}$ (dhá chúigiú) den chiste fágtha i ndiaidh na cóisire. D'ith sí $\frac{3}{4}$ dá raibh fágtha den chiste. Cén codán den chiste iomlán a d'ith sí? » Smaoinigh ar an gceist atáthar a cur: 	<ul style="list-style-type: none"> • Céard é $\frac{3}{4}$ de $\frac{2}{5}$ de chiste iomlán? / (Céard é trí cheathrú de dhá chúigiú den chiste iomlán?) 		<ul style="list-style-type: none"> » An bhfuil na daltaí in ann an cheist a rá i bhfocail?

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/ Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Leis an gceist seo a fhreagairt, teastaíonn léaráid, abairt iolrúcháin agus an t-algartam iolrúcháin.</p> <p>» Bhfuil tú in ann a mhíniú céard atá sa léaráid?</p>	 <ul style="list-style-type: none"> • Tharraing mé dronuilleog mar léiriú ar an gciste iomlán. Tharraing mé línte ineagaracha leis an dronuilleog a ghearradh ina cúig chuid chothroma. Ansin scáthaigh mé an chuid a bhí fágtha i ndiaidh na cóisire. 	<p>» Seiceáil dul chun cinn na ndaltaí, agus iarr ar bheirt teacht suas go dtí an clár agus a gcuid oibre a chur i láthair an ranga. Beidh ar dhalta amháin léaráid a úsáid, agus beidh ar an dalta eile an cur i láthair a dhéanamh le habairt iolrúcháin agus/nó leis an algartam iolrúcháin.</p> <p>» Fiú mura mbeidh na daltaí lánchinnte den tslí leis an roinnt a dhéanamh, seans go mbeidh dalta éigin in ann é a dhéanamh. B'fherr gan insint do na daltaí conas é a dhéanamh, ach a fhágáil fúthu féin é a oibriú amach</p>	<p>» Bhfuil na daltaí in ann an freagra a fuair siad a chur i bhfocail?</p> <p>» An aithníonn na daltaí go gcaithfidh siad smaoineamh ar chodáin i gcomhthéacs rud iomlán, i gcomhthéacs aonaid, i gcomhthéacs na dronuilleoige nó an chiste a bhí ann i dtosach? (Pointe an-tábhachtach do na daltaí.)</p>
<p>» An mbeifeá in ann a mhíniú cad dó a seasann sé sin?</p> <p>» Cé mhéad páirt chothrom atá ann anois?</p>	 <ul style="list-style-type: none"> • Roinn mé an ciste go cothrománach ina 4 pháirt chothroma. • 20 	<p>Nótáil: Nó d'fhéadfá stiall dhronuilleogach páipéir a thabhairt do na daltaí. Féadfaidh siad an stiall a fhilleadh go hingearach ina chúigithe ar dtús, agus go cothrománach ina ceathrúna ansin.</p>	<p>» An bhfuil na daltaí in ann a léiriú go gcaithfear an ciste iomlán a roinnt ina cheathrúna?</p>

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» An mbeifeá in ann a mhíniú dom cad atá á léiriú anseo?</p> <p>» Cé mhéad píosa sa chuid scáthaithe?</p> <p>» Cén codán iad den rud iomlán? Cén codán iad den aonad?</p> <p>» Scríobh an freagra mar abairt iolrúcháin nó mar algartam iolrúcháin.</p> <p>» An mbeifeá in ann an codán a shimpliú, agus leas a bhaint as do chuid eolais ar chodáin choibhéiseacha?</p>	 <ul style="list-style-type: none"> Mharcáil mé $\frac{3}{4}$ den mhéid a scáthaíodh cheana. Mharcáil mé amach $\frac{3}{4}$ de $\frac{2}{5}$. Sin an méid a d'ith Cara. 6 phíosa 6 as 20 $\frac{3}{4} \times \frac{2}{5} = \frac{6}{20}$ Tá $\frac{6}{20} = \frac{3}{10}$ ach an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir a roinnt ar 2. 	<p>» Feicfidh cuid de na daltaí an t-algartam láithreach, agus seans go dtógfaidh sé tamaillín ar dhaltaí eile. B'fhearr dá mbeadh na daltaí in ann an t-algartam a lua leis an múinteoir seachas an múinteoir á lua leis na daltaí.</p>	<p>» An mbeadh na daltaí in ann 'iolrú codáin faoi chodán' a ionsamhlú le samhail achair? An bhfeiceann na daltaí go bhfuil bunús fírinne leis na figiúirí ar bharr a iolrú faoi chéile, agus na figiúirí ag an mbun a iolrú faoi chéile? Is é is brí leis an toradh $\frac{3}{4}$ de $\frac{2}{5}$, má roinntear an $\frac{2}{5}$ den chiste atá fágtha ina 4 chuid chothroma, gurb ionann $\frac{3}{4}$ de $\frac{2}{5}$ agus an méid atá i dtrí cinn de na ceithre pháirt chothroma sin.</p>
<p>» Déan/Déanaigí Gníomhaíocht Daltaí 1, Ceist 7 anois.</p>		<p>» Siúil timpeall agus seiceáil an dul chun cinn</p> <p>» Seiceáil na ceisteanna ar an gclár, agus cuir ceisteanna nuair is gá.</p>	

Tascanna Foghlama na nDaltaí: Ionchur an Mhúinteora	Gníomhú na nDaltaí: Freagraí/Míthuiscintí	Tacaíocht agus Gníomhú an Mhúinteora	Seiceáil Tuisceana
<p>» Machnamh:</p> <p>» Gach duine anois, scríobh síos 3 rud a d'fhoghlaim tú inniu faoi iolrú na gcodán.</p> <p>» Gach duine, scríobh síos rud ar bith a raibh deacracht agat leis inniu.</p> <p>» Scríobh síos aon cheisteanna atá agat, aon rud nach dtuigeann tú.</p>	<p>An tslí le:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Slánuimhir a iolrú faoi chodán 2. Codán a iolrú faoi shlánuimhir 3. Codán a iolrú faoi chodán 4. Bíonn pictiúir, abairtí iolrúcháin agus algartaim an-úsáideach nuair a bhíonn codáin le hiolrú. 5. Is é seo an leagan ginearálta den algartam iolrúcháin nuair a bhíonn dhá chodán le hiolrú: $a/b \times c/d = (a \times c)/(b \times d)$ 6. Ní i gcónaí a bhíonn toradh níos mó ann leis an iolrú. 	<p>» Síúil timpeall, agus nótaíl ceist ar bith nó deacracht ar bith atá luaite ag na daltaí, agus cuidigh leo iad a réiteach.</p>	

Gníomhaíocht Daltaí 1

1. Seo aonad



Léaráid




Focail. Sna léaráidí thuas léirítear _____ ghrúpa de _____

Mar abairt iolrúcháin: _____ x _____ = _____

Mar abairt iolrúcháin: _____

2. Líon isteach na spásanna bána thíos. Má fhaigheann tú leaschodán sa fhreagra, déan ceartchodán as.

Abairt Iolrúcháin	Focail	Léaráid	Algartam	An Freagra
$4 \times = \frac{5}{6}$				
	3 ghrúpa de $\frac{5}{8}$			
				

3. Samhlaigh na léaráidí seo a leanas sula ríomhann tú na freagraí:

(i) $8 \times \frac{2}{3} =$

(ii) $5 \times \frac{3}{11} =$


(iii) $6 \times \frac{5}{8} =$

Gníomhaíocht Daltaí 1

4. Oibríonn Aoife ar feadh 4 uair an chloig gach Satharn le linn laethanta saoire an tsamhraidh agus tuilleann sí €12 san uair.

(i) Cén méid airgid a thuilleann sí gach Satharn?

Leid: Más é €12, an méid a thuill sí ar 1 uair an chloig amháin oibre, atá á léiriú leis an gcéad tic i ndiaidh 0 ar an uimhirlíne thíos, marcáil ansin an méid a thuill sí ar 2, 3, agus 4 uair an chloig oibre. Ionsamhlaigh an scéal ar an uimhirlíne




(ii) Scríobh an abairt iolrúcháin don mhéid a thuill sí in

2 uair an chloig ____ 3 uair an chloig ____ 4 uair an chloig ____ 5 uair an chloig ____

(iii) Cén méid airgid a thuillfidh Aoife in $2\frac{1}{2}$ uair an chloig (in dhá uair an chloig go leith)?

Ionsamhlaigh an scéal sin ar an uimhirlíne



Abairt iolrúcháin _____

An tAlgartam _____

(iv) Bain úsáid as an uimhirlíne agus ionsamhlaigh an méid a thuilleann Aoife in $\frac{3}{4}$ uair an chloig?

Ionsamhlaigh an scéal sin ar an uimhirlíne



Abairt iolrúcháin faoin méid a thuill sí in $\frac{3}{4}$ uair an chloig _____

An tAlgartam _____

Gníomhaíocht Daltaí 1

5. 24 dalta atá i rang Mháire. Chuaigh $\frac{5}{6}$ den rang ar an turas scoile. Cé mhéad dalta as rang Mháire a bhí ar an turas scoile?

Ionsamhlaigh an scéal sin ar an uimhirlíne




Abairt iolrúcháin _____

Algartam _____

6. Píocann Dáithí sútha talún i gcaitheamh saoire an tsamhraidh. Tuilleann sé €8 as gach ciseán sútha talún a phiocann sé. Cé mhéad a thuilleann sé as $2\frac{1}{4}$ ciseán sútha talún a phiocadh? $\frac{7}{8}$

Ionsamhlaigh an scéal sin ar an uimhirlíne



Abairt iolrúcháin _____

Algartam _____

7. Thíligh Antain $\frac{4}{5}$ de bhalla sa seomra folctha. An lá dár gcionn ghrútáil sé $\frac{7}{8}$ den chuid tilithe. Cén codán den bhalla sa seomra folctha a grútáladh?

Ionsamhlaigh é seo le samhail achair

Abairt iolrúcháin _____

Algartam iolrúcháin _____

Balla Codán

1 aonad amháin

$\frac{1}{2}$					$\frac{1}{2}$				
$\frac{1}{3}$			$\frac{1}{3}$			$\frac{1}{3}$			
$\frac{1}{4}$		$\frac{1}{4}$		$\frac{1}{4}$		$\frac{1}{4}$			
$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$	$\frac{1}{5}$		
$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$	$\frac{1}{6}$		
$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$	$\frac{1}{7}$		
$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$	$\frac{1}{8}$		
$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$	$\frac{1}{9}$		
$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$	$\frac{1}{10}$		
$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$	$\frac{1}{11}$		
$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$	$\frac{1}{12}$		
$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$	$\frac{1}{15}$		
$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$	$\frac{1}{16}$		
$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$	$\frac{1}{18}$		
$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$	$\frac{1}{20}$		
$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$	$\frac{1}{24}$		